2025/1269

10.7.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1269 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Bealtaine 2025

lena leagtar síos rialacha lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcóras leictreonach le haghaidh foirmiúlachtaí neamhchustaim talmhaíochta ('ELAN') chun faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar thrádáil agus ar mhargadh i ndáil le táirgí talmhaíochta

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 223(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, leagtar síos rialacha lena rialaítear an trádáil idirnáisiúnta i dtáirgí talmhaíochta, lena n-áirítear na ceanglais chun forfheidhmiú éifeachtach na bhfoirmiúlachtaí a bhaineann le trádáil a áirithiú.

(2) Chun tacú le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus chun an comhar idir na húdaráis ábhartha a chuíchóiriú, ba cheart córas leictreonach a bhunú chun foirmiúlachtaí talmhaíochta a bhaineann le trádáil a bhainistiú ar bhealach slán iontaofa. Ba cheart an córas leictreonach le haghaidh foirmiúlachtaí neamhchustaim talmhaíochta ('ELAN') a thabhairt ar an gcóras sin agus ba cheart é a fhorbairt mar mhodúl neamhspleách den Chóras um Rialú Trádála agus um Shaineolaithe (TRACES) ([2]). Na doiciméid is gá chun foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a bhaineann le trádáil i dtáirgí talmhaíochta a chomhlíonadh, mar a leagtar síos i Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239 ([3]), (AE) 2020/761 ([4]), (AE) 2020/1988 ([5]) agus (AE) 2023/2834 ón gCoimisiún ([6]), ba cheart iad a stóráil agus a phróiseáil in ELAN.

(3) Chun comhar a éascú agus malartú faisnéise rianúil a áirithiú idir na húdaráis nó na comhlachtaí eisiúna ábhartha agus na húdaráis chustaim, ba cheart ELAN a idirnascadh le Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam, mar a bunaíodh le Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]).

(4) Chun ELAN a fhorbairt, ní mór creat dlíthiúil leormhaith lena rialófar é a ghlacadh.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla agus comhpháirteanna a chórais (Rialachán CBFRO) (IO L 261, 14.10.2019, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/1715/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239 ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2016 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcóras ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin (IO L 206, 30.7.2016, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/1239/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta na dtaraif-chuótaí le ceadúnais (IO L 185, 12.6.2020, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/761/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le riar taraif-chuótaí ar allmhairí i gcomhréir leis an bprionsabal 'tús freastail ar an gceann is túisce' (IO L 422, 14.12.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1988/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hallmhairí sna hearnálacha ríse, gránach, siúcra agus leannlusanna (IO L, 2023/2834, 21.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2834/oj).

([7]) Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena mbunaítear Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custaim agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (IO L 317, 9.12.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2399/oj).

(5) Doiciméid a thagann faoi raon feidhme ELAN, doiciméid arna n-eisiúint ag tríú tíortha a bhfuil gá leo chun bainistiú a dhéanamh ar tharaif-chuótaí dá bhforáiltear i Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, agus (AE) 2020/1988 agus doiciméid arna n-eisiúint ag tríú tíortha arna rialú ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834, ba cheart gur ceadúnais allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin iad dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1237 ón gCoimisiún ([8]) agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239.

(6) Ba cheart rialacha soiléire a leagan síos maidir leis na cearta rochtana ar an bhfaisnéis arna soláthar ag ELAN. Ba cheart rochtain a bheith ag gach údarás nó comhlacht eisiúna ar na doiciméid a eisíonn siad. Níor cheart rochtain a bheith ag údaráis nó comhlachtaí eisiúna ar dhoiciméid arna n-eisiúint ag údaráis nó comhlachtaí eisiúna eile ach amháin má cheanglaítear sin le reachtaíocht ábhartha an Aontais mar choinníoll chun doiciméid a n-inniúlachta a eisiúint. Ba cheart rochtain a bheith ag an gCoimisiún ar na doiciméid uile a tháirgtear in ELAN nó a tharchuirtear chuige a mhéid go bhfuil gá leis an bhfaisnéis atá i ngach doiciméad chun gur féidir leis an gCoimisiún rialú a dhéanamh ar chomhréireacht le rialacha infheidhme an Aontais. Ba cheart rochtain a bheith ag na húdaráis chustaim ar na doiciméid uile is gá chun a ngníomhaíochtaí rialaithe a dhéanamh. Tá údaráis eisiúna tríú tíortha freagrach as na sonraí pearsanta atá leabaithe sna doiciméid a d'eisigh siad in ELAN nó a tharchuir siad chuig an gcóras.

(7) Ba cheart an fhaisnéis atá sna doiciméid a tháirgtear in ELAN nó a tharchuirtear chuige a choinneáil ar feadh tréimhse theoranta. Chun fad na tréimhse sin a chinneadh, is gá breithniú a dhéanamh ar an ngá atá le haisghabháil na ndoiciméad sin sa chóras a cheadú, fiú tar éis úsáid nó dul in éag na ndoiciméad sin, i gcás díospóidí sibhialta nó riaracháin a bhaineann leo nó leis na hoibleagáidí a bhaineann leo. Meastar go bhfuil sé réasúnta an tréimhse sin a shocrú ag 10 mbliana a thosóidh lá deireanach bailíochta an doiciméid nó, i gcás nach sonraítear dáta den sórt sin agus mura leagtar síos an lá deireanach bailíochta i reachtaíocht ábhartha an Aontais, a thosóidh an dáta a eisítear an doiciméad. Chun sláine an doiciméid a choinneáil le linn na tréimhse coinneála, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha céanna maidir leis na sonraí uile atá leabaithe ann, lena n-áirítear sonraí pearsanta.

(8) Chun feidhmiú ceart ELAN a áirithiú, ní mór próiseáil a dhéanamh leis an gcóras ar shonraí pearsanta atá leabaithe sna doiciméid agus lenar féidir oibreoirí eacnamaíocha agus oifigigh phoiblí a eisíonn na doiciméid agus iad siúd a fhaigheann rochtain orthu a shainaithint, chomh maith le sonraí pearsanta arna dtáirgeadh mar gheall ar idirghníomhú úsáideoirí leis an gcóras. Fiú in éagmais tagairtí sainráite do phrionsabail um chosaint sonraí pearsanta, a leagtar síos i Rialacháin (AE) 2016/679 ([9]) agus (AE) 2018/1725 ([10]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, tá na prionsabail sin leabaithe sa Rialachán seo, go háirithe maidir le tréimhsí stórála sonraí pearsanta, rochtain ar shonraí pearsanta, tarchur agus aistriú sonraí pearsanta agus slándáil sonraí.

(9) Na ceanglais lena sainordaítear digitiú na ndoiciméad is gá le haghaidh scaoileadh táirgí talmhaíochta a chumhdaítear leis an Rialachán seo i saorchúrsaíocht agus le haghaidh onnmhairiú na dtáirgí sin, déanann siad difear do sheirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha de réir bhrí Rialachán (AE) 2024/903 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]). Dá réir sin, rinneadh measúnú idir-inoibritheachta agus tá an tuarascáil a thiocfaidh as sin le foilsiú ar an Tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach.

([8]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1237 ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le rialacha cur chun feidhme an chórais ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca leis na rialacha maidir le scaoileadh agus forghéilleadh urrús arna dtaisceadh le haghaidh na gceadúnas sin, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2535/2001, (CE) Uimh. 1342/2003, (CE) Uimh. 2336/2003, (CE) Uimh. 951/2006, (CE) Uimh. 341/2007 agus (CE) Uimh. 382/2008 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2390/98, (CE) Uimh. 1345/2005, (CE) Uimh. 376/2008 agus (CE) Uimh. 507/2008 ón gCoimisiún (IO L 206, 30.7.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/1237/oj).

([9]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([10]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([11]) Rialachán (AE) 2024/903 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach) (IO L, 2024/903, 22.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/903/oj).

(10) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Cosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug an Maoirseoir tuairim an 26 Márta 2025.

(11) Ba cheart an Rialachán a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, chun a áirithiú go gcuirfear na rialacha i bhfeidhm i gceart sula gcuirfear ELAN ar fáil dá úsáideoirí chun críocha tástála.

(12) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 15 Iúil 2025 nuair a bheidh ELAN ar fáil le haghaidh tástála, de réir Airteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1272 ón gCoimisiún ([12]). Mar sin féin, níor cheart feidhm a bheith ag na forálacha a bhaineann leis an tréimhse stórála agus choinneála ach amháin maidir le doiciméid a bhfuil luach dlí acu a chuirfear ar fáil in ELAN ón 19 Eanáir 2026 ar aghaidh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

1. Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le cruthú agus feidhmiú an chórais leictreonaigh le haghaidh foirmiúlachtaí neamhchustaim talmhaíochta ('ELAN'), a bheidh idirnasctha le Córas Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam (CSW-CERTEX) arna rialú le Rialachán (AE) 2022/2399.

2. Forbróidh an Coimisiún ELAN mar mhodúl neamhspleách den Chóras um Rialú Trádála agus um Shaineolaithe ('TRACES').

3. Beidh ELAN idirnasctha le córais TF ábhartha an Choimisiúin, na mBallstát agus na dtríú tíortha ábhartha.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le doiciméid a úsáidtear chun na foirmiúlachtaí neamhchustaim is gá le haghaidh trádáil táirgí a chumhdaítear leis na hearnálacha a liostaítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 le tríú tíortha a chomhlíonadh, agus rialóidh sé an méid seo a leanas go háirithe:

(a) na doiciméid atá le táirgeadh in ELAN nó atá le tarchur chuige;

(b) cearta rochtana ar ELAN, agus go háirithe oibleagáidí agus cearta an Choimisiúin;

(c) inrochtaineacht ar shonraí na ndoiciméad atá ar fáil in ELAN;

(d) rialacha maidir le doiciméid a stóráil agus maidir leis na huastréimhsí coinneála sonraí;

(e) an cuspóir atá le próiseáil na ndoiciméad leictreonach dá dtagraítear i bpointe (a).

2. Cuirfear na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 ar fáil i bhfoirm leictreonach do CSW-CERTEX AE trí idirnasc leictreonach le ELAN.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) is é 'CSW-CERTEX AE' Córas Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam arna rialú le Rialachán (AE) 2022/2399;

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1272 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcóras leictreonach le haghaidh foirmiúlachtaí neamhchustaim talmhaíochta ('ELAN') (IO L, 2025/1272, 10.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1272/oj).

(b) ciallaíonn 'ELAN' an Córas leictreonach le haghaidh foirmiúlachtaí Neamhchustaim Talmhaíochta, arb é córas neamhchustaim leictreonach an Aontais é a úsáidtear chun na doiciméid a liostaítear in Airteagal 4 a bhainistiú;

(c) ciallaíonn 'ceadúnais' ceadúnais allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1237;

(d) ciallaíonn 'TRACES' an córas dá dtagraítear in Airteagal 133(4) de Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]);

(e) ciallaíonn 'údaráis eisiúna náisiúnta' údaráis na mBallstát atá inniúil chun na doiciméid a liostaítear in Airteagal 4, pointe (a) a eisiúint;

(f) ciallaíonn 'údaráis eisiúna tríú tír' údaráis tíortha lasmuigh den Aontas atá inniúil chun na doiciméid a liostaítear in Airteagal 4, pointí (b), (c) agus (d) a eisiúint;

(g) ciallaíonn 'údaráis chustaim' riaracháin chustaim na mBallstát mar a shainmhínítear in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]);

Airteagal 4

Doiciméid atá le cur ar fáil in ELAN

Le ELAN, beifear in ann na doiciméid seo a leanas a eisiúint, a tharchur, a stóráil agus a aisghabháil:

(a) ceadúnais allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin arna rialú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1237 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1239;

(b) deimhnithe barántúlachta, deimhnithe maidir le Socruithe Faireacháin Isteach (IMA1), deimhnithe incháilitheachta, ceadúnais onnmhairiúcháin agus deimhnithe onnmhairiúcháin a rialaítear le Rialacháin Tharmligthe (AE) 2020/760 ([15]) agus (AE) 2020/1987 ([16]) ón gCoimisiún, agus Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988, cé is moite den deimhniú onnmhairiúcháin a leagtar amach i gcuid C d'Iarscríbhinn XIV.2 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, agus den deimhniú cigireachta a leagtar amach i gcuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988;

(c) deimhnithe tionscnaimh a cheanglaítear le haghaidh taraif-chuótaí sonracha le hIarscríbhinní II go XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, agus le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988;

(d) doiciméid arna n-eisiúint ag tríú tíortha, dá bhforáiltear in Airteagal 31(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988;

(e) deimhnithe barántúlachta le haghaidh rís Basmati dá bhforáiltear in Airteagal 9 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2834.

([13]) Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj).

([14]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: https://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj/eng).

([15]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le riar taraif-chuótaí ar allmhairí agus onnmhairí atá faoi réir ceadúnas agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hurrúis a thaisceadh agus taraif-chuótaí á riar (IO L 185, 12.6.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/760/oj).

([16]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hurrúis a thaisceadh agus a scaoileadh i riar taraif-chuótaí bunaithe ar an ord croineolaíoch inar cuireadh iarratais isteach (IO L 422, 14.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/1987/oj).

Airteagal 5

Oibleagáidí agus cearta an Choimisiúin

1. Áiritheoidh an Coimisiún feidhmiú agus cothabháil ELAN agus bonneagar TF a chomhpháirteanna, chomh maith le tacaíocht dóibh agus aon nuashonrú nó forbairt is gá a dhéanamh orthu.

2. Beidh rochtain ag an gCoimisiún ar na doiciméid uile atá ar fáil in ELAN a mhéid is gá chun faireachán a dhéanamh ar mhalartú na sonraí, na faisnéise agus na ndoiciméad a chuirtear isteach nó a tháirgtear ann, chun neamhchomhlíonadh féideartha reachtaíocht ábhartha an Aontais is infheidhme maidir leis na doiciméid a chumhdaítear leis an Rialachán seo a shainaithint.

Airteagal 6

Rochtain ar shonraí, ar fhaisnéis agus ar dhoiciméid in ELAN

1. Beidh rochtain ag gach údarás eisiúna náisiúnta, údarás eisiúna tríú tír, agus údarás nó comhlacht atá inniúil chun deimhnithe comhréireachta a eisiúint ar na sonraí, ar an bhfaisnéis nó ar na doiciméid a tháirgeann sé in ELAN nó a tharchuireann sé chuige, mar aon leis na doiciméid a eisítear i bhfabhar oibreoirí eacnamaíocha bunaithe i gcríoch ina bhfuil siad inniúil nó a aistrítear chuig na hoibreoirí sin.

2. Beidh cead ag údaráis eisiúna náisiúnta, údaráis eisiúna tríú tír, agus údaráis nó comhlachtaí atá inniúil chun deimhnithe comhréireachta a eisiúint na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 a chur ar ceal nó a cheartú i gcás ina gceadaítear sin faoi rialacha an Aontais is infheidhme maidir leis an doiciméad sonrach, agus laistigh de na teorainneacha a leagtar síos sna rialacha sin.

3. Beidh rochtain ag údaráis eisiúna náisiúnta ar dhoiciméid arna n-eisiúint ag údaráis eisiúna tríú tír ar réamhchoinníoll iad chun ceadúnas allmhairiúcháin a eisiúint. Modhnóidh na húdaráis eisiúna náisiúnta stádas na ndoiciméad sin in ELAN, má cheanglaítear sin leis an reachtaíocht is infheidhme de chuid an Aontais.

4. Beidh rochtain ag údaráis chustaim na mBallstát ar na doiciméid uile atá ar fáil in ELAN agus atá riachtanach le haghaidh rialuithe ar earraí a thíolactar lena scaoileadh i saorchúrsaíocht isteach san Aontas nó lena n-onnmhairiú, mar a cheanglaítear leis an reachtaíocht is infheidhme de chuid an Aontais.

5. Gan dochar do cheart rochtana an Choimisiúin de bhun Airteagal 5(2), agus do chearta rochtana na n-údarás eisiúna náisiúnta de bhun mhír 3 den Airteagal seo, ní bheidh rochtain ag údaráis ná ag comhlachtaí nár rannchuidigh le sonraí, faisnéis ná doiciméid a tháirgeadh nó a tharchur in ELAN, ná nach bhfuil baint acu le scaoileadh i saorchúrsaíocht isteach san Aontas nó le honnmhairiú na n-earraí lena mbaineann, ar na sonraí, ar an bhfaisnéis ná ar na doiciméid sin.

6. Beidh rochtain ag údaráis inniúla tríú tíortha ar ELAN i gcomhréir le hAirteagail 9 agus 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715.

Airteagal 7

Tréimhse stórála agus choinneála na ndoiciméad

1. Stórálfar doiciméid in ELAN ar feadh uastréimhse 10 mbliana ó lá deireanach a mbailíochta, nó ón lá a eisíodh iad, mura leagtar síos lá deireanach bailíochta an doiciméid i reachtaíocht ábhartha an Aontais.

2. Chun sláine na ndoiciméad atá stóráilte in ELAN a choinneáil, coinneoidh ELAN agus córais náisiúnta na mBallstát sonraí ábhartha a bhaineann le ríomhshínithe, ríomhshéalaí, ríomhstampaí ama agus ríomhmhalartuithe ar feadh uastréimhse 10 mbliana ag tosú ó dheireadh na tréimhse stórála a shonraítear i mír 1.

3. Déanfaidh ELAN agus córais náisiúnta na mBallstát sonraí pearsanta ó cheadúnais, ó dheimhnithe agus ó dhoiciméid eile dá dtagraítear in Airteagal 4 a stóráil ar feadh tréimhse nach faide ná 10 mbliana ó lá deireanach bailíochta an doiciméid ábhartha, nó ón lá a eisítear an doiciméad ábhartha, mura leagtar síos lá deireanach bailíochta an doiciméid i reachtaíocht ábhartha an Aontais.

4. Más rud é, laistigh den tréimhse choinneála 10 mbliana dá dtagraítear i mír 1, go dtaiscfear achomharc nó go dtionscnófar imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha bunaithe ar dhoiciméid ELAN nó i gcás inar píosa fianaise iad doiciméid ELAN, féadfar na doiciméid sin a choinneáil go mbeidh toradh ar an achomharc nó ar na himeachtaí riaracháin nó breithiúnacha, cibé acu is déanaí. Chun na críche sin, is féidir leis na Ballstáit na doiciméid is gá a aisghabháil agus a úsáid i bhfoirm a sheasfaidh sa chúirt. A luaithe a bheidh na nósanna imeachta ábhartha tugtha chun críche agus a bheidh an breithiúnas gaolmhar nó an cinneadh gaolmhar ceangailteach ó thaobh dlí, scriosfaidh na Ballstáit na doiciméid a aisghabhadh láithreach.

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 15 Iúil 2025.

Beidh feidhm ag Airteagal 7 ón 19 Eanáir 2026, áfach.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN